

'Sábháilteacht Feirme'

Acmhainn do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile



1. Réamhrá

Tá an acmhainn físe oiriúnach do dhaltaí iar-bhunscoile (iar-Shraith Shóisearach). Tá sé mar aidhm ag an acmhainn feasacht na ndaltaí ar shláinte agus sábháilteacht sa talmhaíocht a mhéadú agus dea-chleachtas a chur chun cinn. Cabhróidh ábhar na hacmhainne le daltaí páirt a ghlacadh i bplé ranga ar shábháilteacht feirme agus na príomhghuaiseacha ar an bhfeirm.

Beidh an acmhainn seo úsáideach do dhaltaí a bhfuil cúlra feirmeoireachta acu, a thugann cuairt ar fheirm, a bhíonn ag cabhrú ar fheirm, nó atá ag smaoineamh ar shlí bheatha sa talmhaíocht. Áirítear leis an acmhainn seo forbhreathnú ar na torthaí foghlama, achoimre ar ábhar an fhíseáin, sonraí/treochtaí sábháilteachta feirme ar ardleibhéal, cleachtaí ranga, tráth na gceist agus naisc churaclaim.



2. Torthaí Foghlama

Méadóidh an acmhainn seo feasacht ar phríomhghuaiseacha agus rioscaí ar fheirmeacha, agus na cineálacha beart/rialuithe a chuireann feirmeoirí i bhfeidhm chun timpistí a chosc. Foghlaimeoidh na daltaí:

- conas a bheith sábháilte ar an bhfeirm,
- conas rialacha sábháilteachta a leanúint, agus
- conas ról a imirt chun tionóiscí a chosc trí eolas a bheith acu ar na guaiseacha atá ann agus gníomhú ar bhealach sábháilte freagrach.



**Tábla 1-
Príomhtheacht
aireachtaí ón
bhfíseán.**

3. Forbhreathnú ar an Acmhainn Físe

Tá an acmhainn físe ar fáil ag an nasc seo a leanas: [Sábháilteacht Feirme le haghaidh Daltaí Iar-bhunscoile](#), agus is féidir é a chur ar siúl sula dtosaíonn an plé ranga.

An tábhacht a bhaineann le maoirseacht ar an bhfeirm	• ní théann leanaí isteach i gclós feirme gan mhaoirseacht riamh. • limistéar súgartha sábháilte do leanaí
Conas tú féin a iompar go sábháilte	• a bheith ag éisteacht leis na treoracha ar fad ó dhuine fásta freagrach, • gan innealra a oibriú ach amháin nuair a bheidh oiliúint leordhóthanach faighte agat, • fanacht amach ó áiteanna contúirteacha, • gan a bheith ag dreapadh ná ag obair ar airde mura bhfuil tú oile, • na comharthaí sábháilteachta uile ar an bhfeirm a léamh agus a chomhlíonadh
Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP)	Caithfidh PPE a bheith oiriúnach duit agus don tasc. Seo a leanas samplaí TCP: • éadaí ard-infheictheachta amhail veisteanna/trealamh frithchaiteach, • cosaint súl amhail spéaclaí, spéaclaí cosanta, agus sciatha aghaidhe, • cosaintí coise amhail buataisí a bhfuil barr cruach orthu, • cosaint riospráide amhail maisc (cosaint ó dheannach, gáis, múch agus lotnaidicídí) • lámhainní agus forchótaí luiteacha (cosaint lámha agus craicinn), • cosaint éisteachta amhail cluasáin nó cosantóirí cluaise.
Contúirtí ar an bhfeirm	• tarracóirí, innealra, cuadrothair, beostoc.
Conas a bheith sábháilte timpeall tarracóirí, innealra, agus cuadrothair	• níor cheart do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois innealra feirme a bhfuil córas rialaithe casta orthu a oibriú, • níor cheart do dhaoine faoi bhun 14 bliana d'aois tarracóirí ná innealra a oibriú, • ní féidir le leanaí os cionn 14 bliana d'aois tarracóirí a thiomáint ach amháin lasmuigh de bhóithre/limistéir phoiblí faoi mhaoirseacht dhian agus tar éis dóibh freastal ar chúrsa oiliúna foirmiúil arna reáchtáil ag soláthraí oiliúna inniúil, • bí san airdeall i gcónaí faoi chaochspotaí agus criosanna contúirte, • ní mór duit a bheith os cionn 16 bliana d'aois agus oile go cuí chun cuadrothar a thiomáint, • ó mhí na Samhna 2023, ní mór do na hoibreoirí uile oiliúint iomlán oiriúnach a fháil. Chomh maith leis sin, ní mór do chlogaid cloí leis an gcaighdeán riachtanach agus ní mór iad a chaitheamh sula dtiomáintear aon cuadrothar.
Sábháilteacht timpeall ainmhithe ar an bhfeirm	• is féidir le beostoc a bheith contúirteach agus ionsaí a dhéanamh gan rabhadh, • lean na rialacha sábháilteachta bunúsacha i gcónaí chun timpistí agus gortuithe a sheachaint, • bí san airdeall ar do thimpeallacht i gcónaí,

- | | |
|--|--|
| | <ul style="list-style-type: none">• bíodh plean éalaithe agat i gcónaí, bíodh eolas agus tuiscint agat ar iompar ainmhithe. |
|--|--|




An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

4. Sonraí

Chun tacú leis an bplé sa seomra ranga, d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh do threochtaí sonraí. Seo a leanas achoimre ar na príomhthreochtaí a bhaineann le timpistí feirme. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfoilsíonn an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta tuarascáil bhliantúil gach bliain ar bhreiteachtaí, timpistí agus básanna san ionad oibre. Áirítear leis seo faisnéis a bhaineann le hearnálacha sonracha – mar shampla talmhaíocht agus earnálacha eile.


Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis sin, féach ar shuíomh gréasáin HSA.

Básanna ar an bhFeirm 2013-2022 (190)



Figióir 1: Miondealú ar an gcaoi a tharla na básanna.

Other	Eile
Drowning	Bá
Fall	Titim
Machinery	Innealra
Heavy Load	Ualach Trom
Livestock	Beostoc
Vehicle	Feithicil



Figióir 2: Líon iomlán na mBásanna de réir Aoisghrúpa.

0 – 17 years	0 – 17 mbliana d'aois
18 – 24 years	18 – 24 bliain d'aois
25 -34 years	25 – 34 bliain d'aois
35 – 44 years	35 – 44 bliain d'aois
45 – 54 years	45 – 54 bliain d'aois
55- 65 years	55 – 65 bliain d'aois
> 65 years	> 65 bliain d'aois

Figiúr 3: Básanna mar gheall ar Bheostoc.

Attacked by bull	lonsaí ó tharbh
Attacked by cattle	lonsaí ó eallach
Attacked by cow with calves	lonsaí ó bhó a raibh laonna aici
Knocked over by cattle	Bhuail eallach é/í

5. Cás- Staidéir Seomra Ranga

Cás 1

Maraíodh John, feirmeoir, agus nuair a bhuail tarracóir gan stiúir é agus é ag iarraidh dul isteach ann. Theip ar an gcoscán láimhe ar an tarracóir agus d'imigh an tarracóir síos fána. Rinne an feirmeoir iarracht dul suas ar an tarracóir ach thit sé faoi na rothaí agus gortaíodh é go dona sa cheann agus sa chliabhrach.

Ba cheart don fhoghlaimoir:

- na guaiseacha a chuir leis an eachtra seo a aithint,
- na bearta rialaithe a liostáil a d'fhéadfadh an eachtra seo a chosc dá gcuirfí i bhfeidhm iad, agus
- iompar contúirteach a aithint sa chás-staidéar seo.



Cás 2

Bhí Máire, feirmeoir, agus a tréidlia áitiúil ag fáil sampla fola ó lao dhá lá d'aois i gcró na mbó. Chun an tasc seo a chur i gcrích, d'oscail an feirmeoir an cró agus scar sé an bhó ón lao tríd an mbó a chur isteach sa phasáiste lárnach i gcró na mbó leis an mbeatha.

Chuaigh an feirmeoir isteach sa phionna leis an tréidlia agus dhún sí an geata ina ndiaidh.

Thóg an tréidlia sampla ón lao ansin. Go tobann, d'éirigh an bhó sa phasáiste suaite agus bhuail sí an geata lena ceann arís agus arís eile. Chas an geata isteach agus roinn sé an cró ina dhá leath, a d'fhág an tréidlia taobh thiar den gheata agus an feirmeoir nochtaithe d'ionsaí ainmhithe gan chúis. Fuair an feirmeoir gortuithe tromchúiseacha bhoilg agus thóg sé 6 mhí uirthi teacht ar ais ar a seanléim.

Ba cheart don fhoghlaimeoir:

- na guaiseacha a chuir leis an eachtra seo a aithint,
- na bearta rialaithe a liostáil a d'fhéadfadh an eachtra seo a chosc dá gcuirfí i bhfeidhm iad, agus
- iompar contúirteach a aithint sa chás-staidéar seo.




6. Ceis tean na

Tá 12 cheist le freagairt ann. Is féidir ceisteanna a chur ag amanna éagsúla le linn an ranga.



Cé mhéad duine óg a chaill a mbeatha ar fheirmeacha na hÉireann le 10 mbliana anuas?


Freagra: 22 (21- faoi 17 mbliana d'aois, 1- 18 mbliana d'aois).



An féidir leat bealach amháin a ainmniú inar féidir daoine óga iad féin a ghortú ar an bhfeirm?

Freagraí:

- ag titim ón tarracóir,
- ionsaí ó bheostoc,
- caochspotaí timpeall innealra,
- ag titim ó arda,
- cuadrothar a úsáid go mícheart.



Cén t-am den bhliain is contúirtí do dhaoine óga ar fheirmeacha?

Freagra: Míonna an tsamhraidh.

04

Ainmnigh trí bhealach ar féidir leat fanacht

Freagraí:

- éist le treoracha,
- tabhair aird ar chomharthaí sábháilteachta ar an bhfeirm,
- nuair a fheiceann tú rud éigin contúirteach, cuir in iúl do dhuine fásta freagrach é láithreach.

05

Ainmnigh trí chineál Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) ar an bhfeirm?

Freagraí:

- buataisí (cosaint do na cosa),
- spéaclaí cosanta (cosaint do na súile),
- cluasáin (cosaint do na cluasa),
- éadaí ard-infheictheachta.

06

Cén doiciméad feirme éigeantach a shainaithníonn guaiseacha, rioscaí agus bearta rialaithe ar an

Freagra: Cód Cleachtais um Shábháilteacht Feirme, Doiciméad Measúnaithe Riosca.

07

Cad is guais ann?

Freagra: Is ionann guais agus aon rud a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh duit.

08

Chun innealra feirme le córais rialaithe casta a oibriú, cad is gá a bheith agat?

Freagraí:

- a bheith os cionn 18 mbliana d'aois,
- oiliúint fhoirmiúil a bheith déanta agat, agus
- a bheith inniúil chun an meaisín a oibriú.

09

Cad iad na cúiseanna is coitianta le teagmhais tarracóra?

Freagraí:

- tiománaí neamhoilte, cailliúint smachta nó ag dul róthapa,
- ag titim ón tarracóir,
- a bheith buailte ag tarracóir,
- a bheith brúite nó gafa faoin tarracóir.

10

Scríobh síos trí bheart is féidir leat a dhéanamh chun tú féin a chosaint timpeall feithiclí agus

Freagraí:

- éadaí ard-infheictheachta a chaitheamh,
- ná cuir aon fheithicil feirme ar siúl riamh gan oiliúint a fháil ar dtús,
- cuir tú féin in aithne don tiománaí ar dtús ag dul i dtreo na feithicle,
- crios sábhála a chaitheamh.

11

An féidir leat trí rud a scríobh síos ba chóir duit a dhéanamh agus tú ag idirghníomhú le beostoc?

Freagraí:

- a bheith san airdeall ar do thimpeallacht,
- bealach éalaithe a bheith le feiceáil i gcónaí,
- iompar na n-ainmhithe a aithint agus a thuiscint,
- fanacht amach as an bpionna.

12

Cad iad na cúiseanna is coitianta le teagmhais cuadrothair ar fheirmeacha?

Freagraí:

- easpa oiliúna nó taithí fhoirmiúil,
- luas ró-ard,
- barraíocht aeir sna boinn,
- drochchothabháil cuadrothar agus drochshoghluaisteacht fhisiciúil,
- paisinéir nó ualach neamhchothromaithe a iompar,
- fána géar,
- tiontú na feithicle.

7. Breis Eolais

Féach ar an bhfaisnéis agus an treoir seo a leanas atá ar fáil ar shuíomh gréasáin HSA.

- Tugann Bileog Eolais maidir le Feithiclí Ilraoin comhairle maidir le húsáid shábháilte feithiclí ilraoin agus cuadrothar.
- Treoir maidir le hEallach a Láimhseáil go Sábháilte ar an bhFeirm.
- Bileog Eolais maidir le hEallach a Láimhseáil go Sábháilte ar an bhFeirm.
- Baineann an 'Cód Cleachtais maidir le Leanaí agus Daoine Óga sa Talmhaíocht' le gníomhaíochtaí oibre ar an bhfeirm agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar leanaí agus ar dhaoine óga.
- Tugann an Bhileog Eolais um Shábháilteacht Leanaí ar an bhFeirm comhairle do theaghlaigh feirme, do thuismitheoirí agus do leanaí ar fheirmeacha.
- Is bileog ghairid í Bí ag Spraoi go Sábháilte, Fan Sábháilte ar an bhFeirm a dearadh chun feachtas leanaí a mhúscailt faoi shábháilteacht ar an bhfeirm.

Scéalta Marthanóirí

Féach freisin ar na scéalta marthanóirí seo a leanas, físeáin YouTube ina labhraíonn fíorfheirmeoirí faoi thimpistí agus na héifeachtaí a bhí acu ar a dteaghlaigh agus a gcairde.



Scéal Peter



Scéal Dominic



Scéal Ann



Scéal Brendan



Na Guaiseacha a bhaineann le Gás Sciodair - Is



ir le hAnáil Amháin tú a Mharú

'Tráth dá Raibh ar an bhFeirm...' Físeán Sábháilteachta do Dhaltaí

